Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 16 Nollaig 2024**
**(OR. en)**

**16175/24**

**COTER 237**
**COPS 640**
**RELEX 1506**
**CT 126**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 16173/24 |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir le naisc sheachtracha-inmheánacha a threisiú i gcomhrac na sceimhlitheoireachta agus an antoisceachais fhoréignigh |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn, na conclúidí ón gComhairle maidir le naisc sheachtracha-inmheánacha a threisiú i gcomhrac na sceimhlitheoireachta agus an antoisceachais fhoréignigh, mar a d’fhormheas an Chomhairle iad ag an gcruinniú a bhí aici ar an 16 Nollaig 2024.

**IARSCRÍBHINN**

**Conclúidí ón gComhairle maidir le naisc sheachtracha-inmheánacha a threisiú i gcomhrac na sceimhlitheoireachta agus an antoisceachais fhoréignigh**

**Réamhrá**

1. Díríonn an Chomhairle ar an sceimhlitheoireacht agus ar an antoisceachas foréigneach de gach cineál, gan beann ar a dtionscnamh, agus ar an mbagairt mhór a chuireann siad i gcónaí ar shlándáil an Aontais Eorpaigh agus a Bhallstát. I gcomhréir le Compás Straitéiseach 2022 um Shlándáil agus Cosaint a d'fhormhuinigh an Chomhairle Eorpach, Straitéis 2020 an Choimisiúin um an Aontas Slándála, agus Clár Oibre an Aontais don Fhrithsceimhlitheoireacht, athdhearbhaíonn an Chomhairle go bhfuil rún daingean aici saoránaigh an Aontais a chosaint ar na bagairtí sin, tacú le híospartaigh na sceimhlitheoireachta agus iad a chosaint, agus tacú le tíortha comhpháirtíochta leanúint den sceimhlitheoireacht agus den antoisceachas foréigneach a chosc agus a chomhrac. Athdhearbhaíonn an Chomhairle a luachanna bunúsacha agus a prionsabail bhunúsacha atá fréamhaithe sa dlí idirnáisiúnta, go háirithe an dlí idirnáisiúnta um chearta an duine agus an dlí daonnúil idirnáisiúnta agus dearbhaíonn sí freisin gurb é an t-aon fhreagairt inbhuanaithe ar an sceimhlitheoireacht agus ar an antoisceachas foréigneach ná freagairt atá bunaithe ar an daonlathas, ar an smacht reachta, ar an trédhearcacht, an gcuntasacht agus ar an bhfreagrúlacht ó thaobh inscne de. Athdhearbhaíonn sí go bhfuil na luachanna bunúsacha agus na prionsabail bhunúsacha sin fós mar bhunchloch thiomantas an Aontais agus a Bhallstát don fhrithsceimhlitheoireacht agus do chosc agus comhrac an antoisceachais fhoréignigh .

2. Leagann an Chomhairle béim ar bhailíocht mharthanach na measúnuithe agus na ngealltanas a rinneadh sna conclúidí ón gComhairle an 20 Meitheamh 2022 maidir le haghaidh a thabhairt ar ghné sheachtrach bhagairtí na sceimhlitheoireachta agus an fhoréigin antoiscigh, bagairtí atá ag síorathrú. In éineacht leis na conclúidí ón gComhairle roimhe seo an 15 Meitheamh 2020, an 19 Meitheamh 2017 agus an 9 Feabhra 2015, is creat polaitiúil fónta comhsheasmhach iad le haghaidh rannpháirtíocht uaillmhianach Eorpach ar an ardán domhanda i réimse na frithsceimhlitheoireachta agus chosc agus chomhrac an antoisceachais fhoréignigh. Tugann an Chomhairle dá haire comhlántacht an chreata sin le beartais an Aontais agus na mBallstát maidir le gnéithe inmheánacha na frithsceimhlitheoireachta, mar a leagtar amach iad go háirithe sna conclúidí ón gComhairle an 9 Meitheamh 2022 maidir le muintir na hEorpa a chosaint ar an sceimhlitheoireacht agus sna conclúidí ón gComhairle an 12 Nollaig 2024 maidir le tosaíochtaí a bheidh ann amach anseo chun iarrachtaí comhpháirteacha frithsceimhlitheoireachta an Aontais Eorpaigh agus a Bhallstát a neartú.

3. Maidir leis na Conclúidí ón gComhairle an 9-10 Meitheamh 2011 maidir le naisc a fheabhsú idir gnéithe inmheánacha agus seachtracha na frithsceimhlitheoireachta, tugann an Chomhairle dá haire go bhfuil bagairt na sceimhlitheoireachta agus an fhoréigin antoiscigh éirithe níos ilghnéithí agus níos ilroinnte ó shin i leith, agus go bhfuil sí á hathmhúnlú de shíor ag tosca seachtracha agus inmheánacha. Tá an tAontas agus a Bhallstáit tar éis cur leis na huirlisí atá ar fáil dóibh agus iad a neartú go mór chun aghaidh a thabhairt ar an mbagairt sin atá ag síorathrú. Is é is aidhm don Chomhairle leis na conclúidí seo rannchuidiú le beartas cuimsitheach an Aontais maidir leis an bhfrithsceimhlitheoireacht agus cosc agus comhrac an antoisceachais fhoréignigh lena bhféadfaí aghaidh a thabhairt ar ghnéithe seachtracha agus inmheánacha na sceimhlitheoireachta agus an antoisceachais fhoréignigh ar bhealach comhordaithe éifeachtach, agus an leas is fearr is féidir á bhaint as sineirgí agus as úsáid éifeachtúil acmhainní.

**Bagairt sceimhlitheoireachta agus bagairt antoisceach fhoréigneach a bhíonn ag síorathrú**

4. Athdhearbhaíonn an Chomhairle go bhfuil bagairt na sceimhlitheoireachta agus an bhagairt antoisceach fhoréigneach ag athrú de shíor agus go bhfuil tionchar díreach agus indíreach araon aici ar shlándáil an Aontais agus ar a chuid saoránach. Is iad Da'esh, al-Qaeda agus a gcleamhnaithe na bagairtí sceimhlitheoireachta is mó san Aontas agus ar fud an domhain araon. Go háirithe, tugann an Chomhairle dá haire agus is cúis mhór imní di an méadú atá tagtha ar Chúige Da'esh Khorasan (ISKP), atá lonnaithe san Afganastáin agus a bhfuil láithreacht aige ina limistéir chomharsanachta, lena n-áirítear san Áise Láir, chomh maith lena chumas méadaitheach oibríochtaí seachtracha a spreagadh agus a chur i gcrích, san Eoraip freisin. Thairis sin, tá bagairt na sceimhlitheoireachta san Afraic ag dul i méid, agus Da'esh, al-Qaeda, a gcleamhnaithe agus gníomhaithe neamhstáit eile ag dúshaothrú coinbhleachtaí áitiúla agus leochaileacht shóisialta, pholaitiúil agus eacnamaíoch. Is cúis imní ar leith é an staid slándála sa tSaiheil atá ag dul in olcas, agus éifeachtaí iarmharta aige sin ar stáit chósta na hAfraice Thiar agus a d'fhéadfadh leathnú go dtí an Afraic Thuaidh. Tá méadú ag teacht i gcónaí ar líon na n-ionsaithe atá á ndéanamh ar shibhialtaigh agus ar mhionlaigh reiligiúnacha i réigiúin eile ar an mór-roinn, mar atá Corn na hAfraice, an Afraic Láir agus Mósaimbíc. Tá an Chomhairle meáite i gcónaí ar an sceimhlitheoireacht a chomhrac san Iaráic agus sa tSiria agus ar obair na Comhghuaillíochta Domhanda in aghaidh Da'esh. Ba cheart idirthréimhse leanúnach Oibríocht Inherent Resolve a úsáid chun an méid atá bainte amach ag an gComhghuaillíocht a choinneáil ar bun agus a neartú, agus chun cosc a chur ar Da'esh a theacht chun cinn arís.

5. Cuireann an Chomhairle in iúl gur cúis imní di go bhfuil an ghéarchéim atá ag dul ar aghaidh sa Mheánoirthear ag tiomáint an pholaraithe agus dá dheasca sin go bhfuil an radacú agus bagairt na sceimhlitheoireachta agus an antoisceachais fhoréignigh ag dul olcas ar fud an domhain. Sa chomhthéacs sin, tugann an Chomhairle dá haire agus is cúis mhór imní di go bhfuil grúpaí sceimhlitheoireachta agus grúpaí antoisceacha foréigneacha ag baint leas as an gcoinbhleacht chun teacht ar phobail nua, chun cistí a shlógadh, chun a lucht tacaíochta a radacú agus chun foréigean a spreagadh.

6. Cáineann an Chomhairle agus cáineann sí go dian, mar a rinne sí cheana, cogadh foghach na Rúise ar an Úcráin, fogha ar sárú follasach é ar Chairt na Náisiún Aontaithe. Is féidir le grúpaí sceimhlitheoireachta agus grúpaí antoisceacha foréigneacha an fogha sin agus na hiarmhairtí a bhaineann leis a dhúshaothrú chomh maith agus beidh impleachtaí slándála fadtéarmacha aige i bhfad i gcéin ó theorainneacha geografacha na coinbhleachta.

7. Deir an Chomhairle go bhfuil an bhagairt ó antoisceachas foréigneach na heite deise agus ón sceimhlitheoireacht ag éirí nós déine agus gur dúshlán suntasach é mar atá na naisc thrasnáisiúnta ag leathnú idir grúpaí antoisceacha foréigneacha na heite deise agus daoine aonair. Ina theannta sin, tugann an Chomhairle dá haire agus is cúis imní di an fás atá ag teacht ar ghluaiseachtaí antoisceacha foréigneacha in aghaidh an chórais.

8. Meabhraítear don Chomhairle go leanann sceimhlitheoirí agus antoiscigh fhoréigneacha de mhodhanna cumarsáide agus teicneolaíochtaí eile a théann thar theorainneacha a dhúshaothrú chun críoch maoinithe, bolscaireachta agus radacaithe agus eile. Thairis sin, cuireann an Chomhairle in iúl gur cúis imní di an cistiú eachtrach neamh-inmhianaithe a thagann ó ghníomhaithe eachtracha a bhfuil tionchar aige ar an tsochaí shibhialta agus ar eagraíochtaí reiligiúnacha san Aontas agus ar fud an domhain.

**<u>Na naisc idir na gnéithe seachtracha agus inmheánacha de fhreagairt frithsceimhlitheoireachta an Aontais a fheabhsú</u>**

9. Cuireann an Chomhairle i dtreis nach mór aghaidh a thabhairt ar an sceimhlitheoireacht agus ar an antoisceachas foréigneach trí chur chuige comhleanúnach lena gcomhtháthaítear go gníomhach comhbheartas eachtrach agus slándála agus gníomhaíochtaí an Aontais i réimse an cheartais agus gnóthaí baile. Ag tógáil ar an obair rathúil atá á déanamh ag na Ballstáit agus ag institiúidí an Aontais a bhíonn ag déileáil leis an bhfrithsceimhlitheoireacht agus cosc agus comhrac an antoiseachais fhoréignigh, dearbhaíonn an Chomhairle go bhfuil sí tiomanta do shineirgí a fhorbairt a thuilleadh, agus dúbláil ról agus cúraimí á seachaint ag an am céanna.

10. Tarraingíonn an Chomhairle aird ar a luachmhaire atá sé comhthuiscint a chothú ar na dúshláin atá mar bhonn le freagairt éifeachtach bheartais. I ndáil leis an méid sin, aithníonn an Chomhairle an ról tábhachtach atá ag Lárionad Faisnéise agus Staide an Aontais Eorpaigh, a leanann de thacaíocht a thabhairt don Aontas le feasacht staide faisnéisbhunaithe na mBallstát ar na bagairtí atá ann agus a d’fhéadfadh a bheith ann a bhaineann leis an sceimhlitheoireacht agus leis an antoisceachas foréigneach, agus a chuireann freisin le tuiscint uile-Aontais ar na naisc idir gnéithe seachtracha agus inmheánacha na sceimhlitheoireachta agus an antoisceachais fhoréignigh.

11. Iarrann an Chomhairle ar Chomhordaitheoir Frithsceimhlitheoireachta an Aontais Eorpaigh, ar an gCoimisiún agus ar an Ardionadaí, le cúnamh ón tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí (SEGS), i gcomhréir lena sainchumais institiúideacha, an méid seo a leanas a dhéanamh:

– **A áirithiú go mbeidh beartas, reachtaíocht agus uirlisí an Aontais maidir leis an bhfrithsceimhlitheoireacht agus cosc agus comhrac an antoisceachais fhoréignigh** ann, a bheidh comhleanúnach go straitéiseach agus curtha in oiriúint do chineál athraitheach bhagairt na sceimhlitheoireachta agus an antoisceachais fhoréignigh. I ndáil leis an méid sin, is fada leis an gComhairle go mbeidh an Clár Oibre Nua ann maidir leis an sceimhlitheoireacht agus leis an antoisceachas foréigneach a chomhrac agus a chosc, clár a d’fhógair an Coimisiún nua.

– **Rannpháirtíocht iltaobhach an Aontais maidir leis an bhfrithsceimhlitheoireacht agus cosc agus comhrac an antoisceachais fhoréignigh, rannpháirtíocht a dhéanfar a threisiú agus a ailíniú le tosaíochtaí slándála inmheánaí an Aontais**. Áirítear ar na réimsí tosaíochta maoiniú na sceimhlitheoireachta a chomhrac, slándáil teorann a áirithiú, dul i ngleic le gáinneáil aindleathach – go háirithe airm thine – agus ábhar antoiscigh fhoréignigh ar líne a chosc agus a chomhrac, agus athléimneacht bonneagar criticiúil a fhorbairt agus a neartú agus spásanna poiblí a chosaint ar ionsaithe sceimhlitheoireachta. Cé go n-aithníonn an Chomhairle an gá atá le comhordú cuimsitheach i measc tionscnaimh idirnáisiúnta, cuireann sí béim ar a thábhachtaí atá sé dul i dteagmháil leis na Náisiúin Aontaithe, le Comhairle na hEorpa, le ESCE, leis an gComhghuaillíocht Dhomhanda in aghaidh Da’esh, le ECAT, le GCTF agus leis na hinstitiúidí a spreag sé (Hedayah, IIJ, GCERF), le TFGA, le G7, agus le heagraíochtaí réigiúnacha ábhartha, agus leis an earnáil phríobháideach i gcás inarb ábhartha, mar shampla faoi chuimsiú GIFCT agus Ghairm chun Gnímh Christchurch, chun an fhrithsceimhlitheoireacht agus cosc agus comhrac an antoisceachais fhoréignigh a phlé.

– **Dlús a chur leis an gcomhar frithsceimhlitheoireachta le tríú tíortha atá ríthábhachtach do shlándáil an Aontais**, trí ról níos dlúithe a thabhairt do ghníomhaireachtaí ceartais agus gnóthaí baile an Aontais, i measc modhanna eile. Ba cheart aird ar leith a thabhairt ar thíortha is iarrthóirí ar bhallraíocht san Aontas agus ar ár gcomharsana san oirthear agus sa deisceart. Sa chomhthéacs sin, leis an athbhreithniú ar an bPlean Gníomhaíochta Comhpháirteach maidir leis an bhFrithsceimhlitheoireacht do na Balcáin Thiar, tugtar deis ar leith machnamh a dhéanamh ar an gcomhar idir an tAontas agus na Balcáin Thiar maidir leis an bhfrithsceimhlitheoireacht agus cosc agus comhrac an antoisceachais fhoréignigh. Ba cheart dlús a chur leis an gcomhar sin, agus riachtanais shonracha ár gcomhpháirtithe sna Balcáin Thiar á gcur san áireamh. Tá comhar le Comharsanacht an Deiscirt agus tionscnaimh faoi stiúir na hAfraice ríthábhachtach i gcónaí. Maidir leis an mbagairt mhéadaitheach ó ISKP, aithníonn an Chomhairle a thábhachtaí atá comhpháirtithe an Aontais san Áise Láir mar phríomhghníomhaithe sna hiarrachtaí frithsceimhlitheoireachta agus chosc agus chomhrac an antoisceachais fhoréignigh sa réigiún. Cuireann an Chomhairle i bhfios go láidir freisin a thábhachtaí atá rannpháirtíocht le comhpháirtithe na hÁise Thoir Theas i dtaobh na frithsceimhlitheoireachta agus chosc agus chomhrac an antoisceachais fhoréignigh.

12. Athdhearbhaíonn an Chomhairle sainordú Chomhordaitheoir Frithsceimhlitheoireachta an Aontais Eorpaigh mar a bhunaigh an Chomhairle Eorpach é agus iarrann sí ar Chomhordaitheoir Frithsceimhlitheoireachta an Aontais Eorpaigh leanúint den mhéid seo a leanas:

– **Cur chuige cuimsitheach a chur chun cinn trí fheabhas a chur ar na naisc idir iarrachtaí seachtracha agus inmheánacha maidir leis an bhfrithsceimhlitheoireacht agus cosc agus comhrac an antoisceachais fhoréignigh**, le tacaíocht ón Ardionadaí agus ón gCoimisiún, lena n-áiritheofar go ndéanfar comhordú ar an obair frithsceimhlitheoireachta laistigh den Aontas.

– **Tuarascáil a thabhairt go rialta don Chomhairle maidir le dul chun cinn agus éifeachtacht na dtionscnamh a bhaineann leis an bhfrithsceimhlitheoireacht agus cosc agus comhrac an antoisceachais fhoréignigh**, tionscnaimh a bhfuil gnéithe seachtracha agus inmheánacha ag baint leo, agus moltaí ábhartha beartais a chur faoi bhráid na Comhairle.

– **Obair leantach a dhéanamh ar chur chun feidhme na gconclúidí ón gComhairle maidir le comhrac na sceimhlitheoireachta agus an antoisceachais fhoréignigh**.

– **An caidreamh frithsceimhlitheoireachta idir an tAontas agus tríú tíortha a threisiú**, lena n-áiritheofar comhsheasmhacht idir gníomhaíocht sheachtrach agus inmheánach an Aontais maidir leis an bhfrithsceimhlitheoireacht, agus seasaimh na mBallstát, an Choimisiúin agus an Ardionadaí á gcur san áireamh go hiomlán ag an am céanna.

13. Iarrann an Chomhairle ar an Ardionadaí, le cúnamh ó SEGS agus le tacaíocht ón gCoimisiún agus ó Chomhordaitheoir Frithsceimhlitheoireachta an Aontais Eorpaigh, i gcás inarb ábhartha, an méid seo a leanas a dhéanamh:

– **Leanúint d'infheistíocht a dhéanamh in idirphlé agus comhairliúcháin frithsceimhlitheoireachta an Aontais Eorpaigh atá dírithe ar ghníomhaíocht le tríú tíortha agus le heagraíochtaí iltaobhacha**, lena n-áiritheofar go mbainfidh siad torthaí nithiúla amach maidir le saincheisteanna a mbíonn tionchar acu ar shlándáil sheachtrach agus inmheánach an Aontais. Tá sé ríthábhachtach comhlántacht a choinneáil agus a mhéadú le hidirphlé an Aontais maidir le ceartas agus gnóthaí baile. Má bhíonn na Ballstáit rannpháirteach in ullmhú don idirphlé frithsceimhlitheoireachta agus san obair leantach ina leith, beidh beartas seachtrach frithsceimhlitheoireachta an Aontais níos comhtháite agus níos comhsheasmhaí, mar a léiríodh le rannpháirtíocht Chathaoirleach Mheitheal COTER in idirphlé frithsceimhlitheoireachta an Aontais.

– **Leas a bhaint as acmhainneacht iomlán Líonra Saineolaithe Frithsceimhlitheoireachta/Slándála an Aontais**, a bhfuil sé cruthaithe aige gur cuid lárnach é de shraith straitéisí frithsceimhlitheoireachta an Aontais agus na mBallstát agus gur ionstraim thábhachtach é chun tacú le forbairt agus gníomhaíocht bheartas frithsceimhlitheoireachta an Aontais. Ba cheart don Líonra leanúint d'fhorbairtí a shainaithint a bhfuil impleachtaí acu do shlándáil inmheánach an Aontais, chomh maith le rannchuidiú le clársceidealú an Aontais maidir leis an bhfrithsceimhlitheoireacht agus cosc agus comhrac an antoisceachais fhoréignigh. De réir mar a thagann athrú ar bhagairtí sceimhlitheoireachta, ní mór don líonra a bheith ar thús cadhnaíochta sna hiarrachtaí chun dul i ngleic leis an sceimhlitheoireacht agus leis an antoisceachas foréigneach agus malartuithe rialta a dhéanamh leis na Ballstáit, ar an leibhéal áitiúil agus ar leibhéal na meithle araon. Déanfaidh an tArdionadaí faisnéis arna bailiú ag an líonra a chomhroinnt go rialta le príomhchathracha na mBallstát, lena n-áirítear trí thuarascálacha saineolaithe a chomhroinnt.

– **Sineirgí a chur chun cinn idir gníomhaíochtaí mhisin agus oibríochtaí CBSC, toscaireachtaí ábhartha an Aontais, saineolaithe frithsceimhlitheoireachta/slándála an Aontais agus tionscadail maoinithe ag an Aontas maidir leis an bhfrithsceimhlitheoireacht agus cosc agus comhrac an antoisceachais fhoréignigh**.

– **Leas iomlán a bhaint as ballraíocht agus sainordú reatha an Aontais ina cháil mar Chomhchathaoirleach ar an bhFóram Frithsceimhlitheoireachta Domhanda (GCTF)**, chun tacú le dea-chleachtais agus treoirlínte a fhorbairt chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin slándála atá ann cheana, atá ag teacht chun cinn agus atá ag síorfhorbairt, i gcomhréir le Fís Straitéiseach GCTF don chéad Deich mBliana eile, go háirithe chun tacú le huirlisí praiticiúla maidir le fothú acmhainneachta chun an sceimhlitheoireacht agus an t-antoisceachas foréigneach a chomhrac i ndáil le bagairtí a éilíonn cur chuige cuimsitheach agus béim ar leith á leagan ar mhór-roinn na hAfraice. Ba cheart na gníomhaíochtaí sin a shaothrú trí shineirgíocht le formáidí eile atá ann cheana a dhéileálann leis an tsaincheist maidir leis an sceimhlitheoireacht agus an t-antoisceachas foréigneach a chomhrac.

14. Iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún an méid seo a leanas a dhéanamh:

– **Malartú leordhóthanach faisnéise maidir leis an sceimhlitheoireacht agus an antoisceachas foréigneach a chur chun cinn idir gníomhaireachtaí ceartais agus gnóthaí baile an Aontais agus comhpháirtithe iontaofa,** laistigh dá sainorduithe faoi seach agus na Ballstáit a choinneáil ar an eolas.

– **Seisiúin faisnéise bhliantúla a sholáthar maidir le tionscadail fothaithe acmhainneachta arna gcistiú ag an Aontas i réimse na frithsceimhlitheoireachta agus chosc agus chomhrac an antoisceachais fhoréignigh**, chun a áirithiú go n-úsáidfear cistí an Aontais go héifeachtach, chun dúbláil nó bearnaí cistiúcháin a sheachaint, agus chun ionchur agus rannpháirtíocht na mBallstát a éascú. Molann an Chomhairle don Aontas agus do na Ballstáit gníomhaíocht a dhéanamh lena ndírítear ar a n-acmhainneachtaí comhpháirteacha faoi seach agus acmhainneachtaí na dtíortha comhpháirtíochta a mhéadú, chun aghaidh a thabhairt ar an sceimhlitheoireacht agus ar an antoisceachas foréigneach. Sa chomhthéacs sin, is díol sásaimh don Chomhairle gur seoladh Mol Eolais an Aontais maidir leis an Radacú a Chosc, lena neartófar an cúnamh a thugann an tAontas do na Ballstáit agus do thríú tíortha tosaíochta agus iarrachtaí á ndéanamh acu chun an radacú agus an t-antoisceachas foréigneach de gach cineál a chosc agus a chomhrac.

– **Obair leantach a dhéanamh ar an gcaibidlíocht rathúil maidir leis an sainmhíniú dlíthiúil athbhreithnithe uile-Eorpach ar chion sceimhlitheoireachta** do Choinbhinsiún Chomhairle na hEorpa um Sceimhlitheoireacht a Chosc, lenar cheart go rannchuideofaí le deimhneacht dhlíthiúil níos fearr agus go spreagfaí forbairt bhreise ar noirm idirnáisiúnta atá go hiomlán comhoiriúnach le dlíthe an Aontais Eorpaigh.

15. Leagann an Chomhairle béim ar an luach a bhaineann leis na hiarrachtaí náisiúnta comhordúcháin idir na haireachtaí agus na gníomhaireachtaí atá freagrach as na gnéithe seachtracha agus inmheánacha den fhrithsceimhlitheoireacht agus de chosc agus comhrac an antoisceachais fhoréignigh, agus iarrann sí ar na Ballstáit an méid seo a leanas a dhéanamh:

– Rannchuidiú le gníomhaíocht chomhordaithe agus chomhleanúnach frithsceimhlitheoireachta an Aontais trí fhaisnéis faoina mbeartais féin a roinnt laistigh de chomhlachtaí ullmhúcháin ábhartha na Comhairle. Áirítear leis sin, i gcás inarb iomchuí, faisnéis maidir lena n-idirphlé déthaobhach frithsceimhlitheoireachta le tríú tíortha agus le heagraíochtaí iltaobhacha.

– Treoir pholaitiúil thráthúil a thabhairt i dtaca le rannpháirtíocht dhéthaobhach agus iltaobhach an Aontais maidir leis an bhfrithsceimhlitheoireacht, agus comhoibriú go hiomlán leis an Ardionadaí chun ullmhú d’idirphlé frithsceimhlitheoireachta an Aontais agus obair leantach a dhéanamh air.

– Éifeachtacht agus comhordú chlársceidealú an Aontais a mhéadú maidir leis an bhfrithsceimhlitheoireacht agus cosc agus comhrac an antoisceachais fhoréignigh trí fhaisnéis a roinnt faoina dtionscadail fothaithe acmhainneachta féin agus faoina ndea-chleachtais féin, agus trí pháirt a ghlacadh i dtionscnaimh Fhoireann na hEorpa.

16. Gabhann an Chomhairle uirthi féin an méid seo a leanas a dhéanamh:

– Iarrachtaí comhordúcháin laistigh den Chomhairle a fheabhsú a thuilleadh, go háirithe idir comhlachtaí ullmhúcháin a bhíonn ag déileáil leis an sceimhlitheoireacht agus leis an antoisceachas foréigneach mar chuid dá sainorduithe agus féachaint ar shineirgí le meithleacha ábhartha eile i réimse an chomhbheartais eachtraigh agus slándála agus i réimse an cheartais agus gnóthaí baile. Ba cheart don Mheitheal um Sceimhlitheoireacht (Gnéithe Idirnáisiúnta, COTER) agus don Mheitheal um Sceimhlitheoireacht (TWP) leanúint de chruinnithe comhpháirteacha rialta a thionól chun gníomhaíochtaí nithiúla a shainaithint lena dtugtar aghaidh ar an nasc seachtrach inmheánach i gcomhrac na sceimhlitheoireachta agus an antoisceachais fhoréignigh. Cuireann an Chomhairle i dtábhacht an luach a bhaineann le comhairliúcháin chomhpháirteacha rialta chun comhleanúnachas a áirithiú i measc na meithleacha a bhíonn ag déileáil le bearta sriantacha a bhaineann leis an bhfrithsceimhlitheoireacht, agus comhar á chur chun cinn agus a sainorduithe faoi seach á n-urramú go hiomlán ag an am céanna.

– An idirghníomhaíocht idir COTER agus an Coiste Polaitiúil agus Slándála (PSC) a mhéadú, lena bhféadfar plé straitéiseach atá dírithe ar ghníomhaíocht a dhéanamh lena gcumhdófar gach gné den sceimhlitheoireacht agus den antoisceachas foréigneach.

– A áirithiú gur tosaíocht i gcónaí iad na gnéithe seachtracha agus inmheánacha den fhrithsceimhlitheoireacht agus de chosc agus comhrac an antoisceachais fhoréignigh trí athbhreithniú rialta a dhéanamh ar chur chun feidhme na gconclúidí seo.